# An tAcht um an Séú Leasú is Fiche ar an mBunreacht, 2002

# Twenty-sixth Amendment of the Constitution Act, 2002

---

**TWENTY-SIXTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION ACT, 2002**

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Amendment of Article 29 of the Constitution.

2. Citation.

SCHEDULE

Part 1

Part 2

**AN tACHT UM AN SÉÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACHT, 2002**

RIAR NA nALT


Alt

1. Airteagal 29 den Bhunreacht a leasú.

2. Lua.

AN SCEIDEAL

Cuid 1

Cuid 2

# TWENTY-SIXTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION ACT, 2002

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION.

[*7th November,* 2002]

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend Article 29 of the Constitution:

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Amendment of Article 29 of the Constitution.

**1.**—Article 29 of the Constitution is hereby amended as follows:

(*a*) the subsections the texts of which are set out in *Part 1* of the *Schedule* to this Act shall be inserted after subsection 6° of section 4 of the Irish text,

(*b*) the subsections the texts of which are set out in *Part 2* of the *Schedule* to this Act shall be inserted after subsection 6° of section 4 of the English text,

(*c*) subsections 7° and 8° of section 4 of both texts shall be numbered as subsections 10° and 11°.

Citation.

**2.**—(1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Twenty-sixth Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Twenty-sixth Amendment of the Constitution Act, 2002.

**AN tACHT UM AN SÉÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACHT, 2002**

ACHT CHUN AN BUNREACHT A LEASÚ.

[7 *Samhain,* 2002]

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe Airteagal 29 den Bhunreacht a leasú:

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN MAR A LEANAS:

**1.**—Leasaítear leis seo mar a leanas Airteagal 29 den Bhunreacht: Airteagal 29 den Bhunreacht a leasú.

(*a*) cuirfear na fo-ailt a bhfuil na téacsanna díobh leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo isteach i ndiaidh fho-alt 6° d'alt 4 den téacs Gaeilge,

(*b*) cuirfear na fo-ailt a bhfuil na téacsanna díobh leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo isteach i ndiaidh fho-alt 6° d'alt 4 den téacs Sacs-Bhéarla,

(*c*) déanfar fo-ailt 7° agus 8° d'alt 4 den dá théacs a uimhriú mar fho-ailt 10° agus 11°.

**2.**—(1) An Séú Leasú is Fiche ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo. Lua.

(2) Féadfar an tAcht um an Séú Leasú is Fiche ar an mBunreacht, 2002, a ghairm den Acht seo.

## SCHEDULE

### Part 1

7° Tig leis an Stát Conradh Nice ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus Ionstraimí gaolmhara áirithe, a síníodh in Nice an 26ú lá d'Fheabhra, 2001, a dhaingniú.

8° Tig leis an Stát na roghnuithe nó na roghanna a fheidhmiú a shocraítear le hAirteagail 1.6, 1.9, 1.11, 1.12, 1.13 agus 2.1 den Chonradh dá dtagraítear i bhfo-alt 7° den alt seo nó fúthu ach beidh aon fheidhmiú den sórt sin faoi réir ceadú a fháil roimh ré ó dhá Theach an Oireachtais.

9° Ní ghlacfaidh an Stát cinneadh arna dhéanamh ag an gComhairle Eorpach chun comhchosaint a bhunú de bhun Airteagal 1.2 den Chonradh dá dtagraítear i bhfo-alt 7° den alt seo i gcás ina mbeadh an Stát san áireamh sa chomhchosaint sin.

### Part 2

7° The State may ratify the Treaty of Nice amending the Treaty on European Union, the Treaties establishing the European Communities and certain related Acts signed at Nice on the 26th day of February, 2001.

8° The State may exercise the options or discretions provided by or under Articles 1.6, 1.9, 1.11, 1.12, 1.13 and 2.1 of the Treaty referred to in subsection 7° of this section but any such exercise shall be subject to the prior approval of both Houses of the Oireachtas.

9° The State shall not adopt a decision taken by the European Council to establish a common defence pursuant to Article 1.2 of the Treaty referred to in subsection 7° of this section where that common defence would include the State.

## AN SCEIDEAL

### Cuid 1

7° Tig leis an Stát Conradh Nice ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus Ionstraimí gaolmhara áirithe, a svíníodh in Nice an 26ú lá d'Fheabhra, 2001, a dhaingniú.

8° Tig leis an Stát na roghnuithe nó na roghanna a fheidhmiú a shocraítear le hAirteagail 1.6, 1.9, 1.11, 1.12, 1.13 agus 2.1 den Chonradh dá dtagraítear i bhfo-alt 7° den alt seo nó fúthu ach beidh aon fheidhmiú den sórt sin faoi réir ceadú a fháil roimh ré ó dhá Theach an Oireachtais.

9° Ní ghlacfaidh an Stát cinneadh arna dhéanamh ag an gComhairle Eorpach chun comhchosaint a bhunú de bhun Airteagal 1.2 den Chonradh dá dtagraítear i bhfo-alt 7° den alt seo i gcás ina mbeadh an Stát san áireamh sa chomhchosaint sin.

### Cuid 2

7° The State may ratify the Treaty of Nice amending the Treaty on European Union, the Treaties establishing the European Communities and certain related Acts signed at Nice on the 26th day of February, 2001.

8° The State may exercise the options or discretions provided by or under Articles 1.6, 1.9, 1.11, 1.12, 1.13 and 2.1 of the Treaty referred to in subsection 7° of this section but any such exercise shall be subject to the prior approval of both Houses of the Oireachtas.

9° The State shall not adopt a decision taken by the European Council to establish a common defence pursuant to Article 1.2 of the Treaty referred to in subsection 7° of this section where that common defence would include the State.